# CÓNAIDHM ÉIREANNACH
# NA
# MÚINTEOIRÍ OLLSCOILE

## CAD IAD AIDHMEANNA CÉMO?

- Ard-Oideachas agus taighde a chur chun cinn.
- Saoirse acadúil a chur chun cinn agus a chosaint.
- Caidreamh fostaíochta.

## CONAS A FHEIDHMÍONN CÉMO AR SON FHOIREANN TEAGAISC NA hOLLSCOILE?

- Glacann an Rialtas agus institiúidí ar nós an Údaráis um Ard-Oideachas leis go bhfeidhmíonn CÉMO ar son tuairimí fhoireann teagaisc na hOllscoile.
- Téann CÉMO i ndáil chomhairle faoi chúrsaí pá agus coinníollacha oibre ag baint úsáide as an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais, as an gCúirt Oibreachais agus as Coimisinéirí na gCeart nuair is gá, agus d'éirigh thar barr léi sna réimsí seo ar ócáidí éagsúla le blianta beaga anuas.
- Tá teagmháil dhíreach ag craobhacha CÉMO le hÚdaráis Rialaithe a n-institiúidí féin trí Chomhráití Aontaithe a bheith acu leo.
- Tá CÉMO ina ball de Chomhdháil na gCeardchumann Éireannach (CCÉ) agus tá ionadaithe aici ar choistí éagsúla na comhdhála céanna, go háirithe ar an gcoiste a bhaineann leis an earnáil phoiblí, agus ar choistí náisiúnta ar nós an Choiste Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe, agus Comhairle Náisiúnta na mBan.
- Is ball den Oideachas Idirnáisiúnta í CÉMO agus glacann sí páirt i gComhdháil Idirnáisiúnta na nEagraíochtaí Ollscoile agus is ball í freisin de Choiste Oideachais Cheardchumainn na hEorpa (COCE). Dá bharr sin is féidir léi teagmháil a dhéanamh le cumainn ar nós an OECD, an Aontais Eorpaigh, Comhairle na hEorpa, agus UNESCO.
- Maidir le himeachtaí idirnáisiúnta de, bhí CÉMO páirteach i ndréachtmholtaí ar Chearta Mhúinteoirí Ollscoile a chur le chéile.
- Is ball í CÉMO de mheitheal COCE a oibríonn ar mhaithe le hoiliúint múinteoirí agus den Choiste Ard-Oideachais agus Taighde agus chuir sí doiciméad le chéile dar teideal *Ionad an Ard-Oideachais i Saol an Lae Inniu* atá mar pholasaí oifigiúil ag gluaiseacht cheardchumainn na hEorpa.

## CAD IAD NA hIMEACHTAÍ EILE LENA bhFUIL BAINT AG CÉMO?

- D'eagraigh CÉMO seimineáir agus comhdhálacha ar ábhair ar suim lena baill iad agus i measc na n-himeachtaí a foilsíodh tá: Teicneolaíocht Oiliúna, Rialtas Ollscoile, Maoiniú an Ard-Oideachais, Polasaithe Iontrála Ollscoile, Modhanna Nua Léachtóireachta, Pleanáil Ollscoile, An tAontas Eorpach agus Oideachas Triú Leibhéal, agus Reachtaíocht Ollscoile.
- D'eagraigh CÉMO cúrsaí múinteoireachta chomh maith, cúrsaí ar mhodhanna scrúdaithe, ar fhorbairt fhoirne teagaisc agus ar chostais aonaid.
- Foilsíonn an ceardchumann nuachtlitir go rialta ina mbíonn eolas reatha agus ailt ar imeachtaí i gcúrsaí oideachais agus i gcúrsaí pá, agus choinníollacha oibre is leas sóisialta.
- Tá craobhacha áirithe de CÉMO ann ar a nglaoitear Cumainn na Foime Acadú1a a eagraíonn imeachtaí sóisialta agus imeachtaí oideachasú1a ina gceantair áitiúla.

## CAD IAD NA hEAGRAÍOCHTAÍ EILE LENA bhFUIL CÉMO COMHCHEANGAILTE?

- Cumann Staidéar Oideachais na hÉireann
- Cumann Staire Lucht Oibre na hÉireann
- Coláiste an Phobail (CCÉ)
- An Cumann um Thaighde Ard-Oideachais

## CAD IAD NA SEIRBHÍSÍ SPEISIALTA A CHUIREANN CÉMO AR FÁIL?

- Scéimeanna árachais gluaisteáin agus tí ar tháillí ísle.
- Raon leathan scéimeanna eile árachais agus airgeadais, cúrsaí sláinte san áireamh.

## CÉ hIAD NA DAOINE ATÁ INGHLACTHA MAR BHAILL DE CÉMO?

- Múinteoirí ollscoile; lucht taighde; iad siúd a bhfuil postanna proifisiúnta i riarachán nó i ríomhaireacht nó i leabharlann acu agus ardteicneoirí in institiúidí áirithe pé acu postanna páirtaimseartha, lánaimseartha, sealadacha nó buana atá acu.

CÉMO, 11 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Guthán: (01) 661 0910 / (01) 661 0909
Facs: (01) 661 0909

Ríomhphost: ifut@eircom.net